



Meaisín Ediphone: talk, off, hear

Tacaigh le Cnuasach Bhéaloideas Éireann

Tugann Cnuasach Bhéaloideas Éireann léargas dúinn ar shamhlaíocht na hÉireann trí chuntais phearsanta dhíreacha a bailíodh le blianta fada anuas. Bíonn an Cnuasach ag brath ar shíntiúis ó dhaoine aonair i dteannta maoiniú srianta Rialtais chun an chartlann atá againn a chaomhnú agus chun leanúint orainn ag fás agus ag bailiú.

Bunaíodh comhlacht nua tiomsaithe airgid, Fondúireacht Bhéaloideas Éireann, a bhfuil stádas carthanais aige, chun síntiúis a bhainistiú agus a éascú chun tacú le hobair Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

Cabhróidh do shíntiús leis an gcnuasach uathúil lámhscríbhinní, íomhánna agus taifeadtaí seo, a léiríonn an saol mar a bhí agus mar atá in Éirinn, a chaomhnú, a roinnt agus a fhorleathnú.

Chun síntiús a thabhairt anois d'Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann, breathnaigh ar an leathanach breise atá leis seo nó téigh go www.comhairlebheal.ie/FBE

Cnuasach
Bhéaloideas
Éireann

National
Folklore
Collection

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
The National Folklore Collection

www.ucd.ie/folklore/ga

Marriage Customs.

An old marriage custom in this district was for the bridegroom to sleep one night in the bride's house before they were married. The bride and her people would then discover if he had the habit of snoring, and if he had, he suffered for it by getting a smaller fortune.

A two-shilling piece was, and is even yet, put in each of the bride's shoes to bring her luck and plenty. The bride should wear.

Something old and something new
Something borrowed and something blue.

An old shoe is flung after the couple when they are going out the door to get married. It is supposed to bring them luck.

Some years ago, when the married couple returned to the house both would kneel on the floor, while the wedding cake was being cut over their heads. This was done to make sure that the couple should always have full and plenty.

Mrs. B. Ward. (60).

Killimor.

The Neale.

Marriage - Lucky and Unlucky Days.

Monday for health.

Tuesday for wealth.

Wednesday the best day of all.

Thursday for crosses.

Friday for losses.

Saturday no luck at all.

Peggy Lynaghe (Pupill).
Killimor.

Mrs. B. Ward. (60)

Killimor. The Neale.

Ag Caomhnú

Cuid riachtanach leanúnach d'obair Chnuasach Bhéaloideas Éireann é caomhnú agus caomhantas na cartlainne uathúla d'ábhar clóite, de thaifeadtaí agus de ghrianghraif. Tá go leor den ábhar leochaileach mar is dual dó agus tarlaíonn caitheamh agus cuimilt mar gheall ar a láimhseáil, ar choinníollacha stórála mí-oiriúnacha agus ar imeacht aimsire.

Caithfear na lámhscríbhinní, na thaifeadtaí agus na híomhánna a léiríonn an saol mar a bhí in Éirinn a choinneáil agus a láimhseáil go hoiriúnach má tá siad le bheith ar fáil do na glúine atá le teacht.

Chabhródh suim bheag fiú leis an gCnuasach a chosaint. Mar shampla, d'íocfadh €100 as athcheangal gnáth-imleabhar lámhscríbhinne; cheannódh sé clúdach gan aigéad chun grianghraif thábhachtacha a chaomhnú; nó d'íocfadh sé as athmháistriú fiteán Ediphone ar a bhfuil taifeadtaí gutha ó ré atá imithe le fada an lá.

Chun síntiús a thabhairt dár mbrainse nua tiomsaithe airgid, Fondúireacht Bhéaloideas Éireann, breathnaigh ar an leathanach breise atá leis seo nó téigh go www.comhairlebheal.ie/FBE

Cnuasach
Bhéaloideas
Éireann

National
Folklore
Collection

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
The National Folklore Collection

www.ucd.ie/folklore/ga



Bosca fiteán céarach

Ag Roinnt

Tá suim náisiúnta agus idirnáisiúnta i gCnuasach Bhéaloideas Éireann ag fás is ag forbairt, mar is léir ón méadú ar an líon ceisteanna a fhaightear ó na meáin chumarsáide agus ón bpobal mór, lena n-áirítear daoine atá ina gcónaí in Éirinn, turasóirí agus muintir an diaspóra dhomhanda.

Tá réimse leathan ábhar curtha ar fáil ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann le blianta fada anuas i sraith foilseachán d'ardchaighdeán a maoiníodh le síntiúis fhlaithiúla. Ba mhaith linn leanúint leis an obair seo agus an Cnuasach a dhéanamh níos inrochtana ar líne.

Beidh dhá chuspóir ag an digitiú: a chinntiú go bhfuil sé níos éasca breathnú ar Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus cur lena chaomhnú mar go laghdófar an méid caithimh agus cuimilte a tharlaíonn de dheasca láimhseála.

Tá an chéad tionscadal mór digitithe faoi lánseol: tá Lámhscríbhinní na Scol a bailíodh sna 1930idí i mBaile Átha Cliath, i nDún na nGall, i Maigh Eo, i nGaillimh agus i bPort Láirge ar fáil anois i mbunachar sonraí ar líne. Féadfaidh úsáideoirí an bunachar sonraí a chuardach agus breathnú ar íomhá den leathanach bunaidh lámhscríofa.

Ach níl anseo ach sciar beag bídeach den ábhar atá sa chartlann. Fiú mura gcinntear ach na croíbhailiúcháin is mó a bhfuil spéis ag an bpobal iontu a dhigitiú, teastaíonn tabhartais ó Cnuasach Bhéaloideas Éireann.

Cabhróidh do shíntiús, idir bheag agus mhór, le leanúint leis an tionscadal digitithe, beidh Cnuasach Bhéaloideas Éireann ar fáil do phobal domhanda mar gheall air agus bainfidh sé a lánacmhainneachta amach mar fhoinse taighde acadúil agus mhuintire.

Chun síntiús a thabhairt dár mbrainse nua tiomsaithe airgid, Fondúireacht Bhéaloideas Éireann, breathnaigh ar an leathanach breise atá leis seo nó téigh go www.comhairlebhéal.ie/FBE

Cnuasach
Bhéaloideas
Éireann

National
Folklore
Collection

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
The National Folklore Collection

www.ucd.ie/folklore/ga



Coinnle ar leaca fuinneoige um Nollaig, Contae Chiarraí

Ag Bailiú

Tá sé d'aidhm ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann ábhar clóite, digiteach, grianghrafadóireachta, teilifíse agus taifeadta a bhaineann le raon iomlán an tsaoil in Éirinn a bhailiú: idir chuntais phearsanta agus iad siúd a ghintear i réimsí oideachais, cultúir, polaitíochta agus gairmiúla.

Obair pháirce mhionsonraithe é seo a thaifeadann croí na sochaí Éireannaí agus a choinníonn suntas Chnuasach Bhéaloideas Éireann mar stór ceannródaíoch cultúrtha.

Dhá shampla de na réimsí ina mbailímid ábhar go leanúnach iad ról na Nollag agus úsáid an ghrinn inár gcultúr:

An Nollaig

Gnás uilíoch é ceiliúradh a dhéanamh ar thréimhsí difriúla na bliana. In Éirinn, chuir féile na Bealtaine fáilte roimh mhionna teo an tsamhraidh, agus ag tús an gheimhridh, chomóir féile na Samhna an solas a bheith ag dul i bhfánaíocht agus thug sí onóir don saol eile.

Thug imircigh Éireannacha traidisiúin a bhain le hOíche Shamhna go Meiriceá áit ar mheasc siad le gnásanna áitiúla an fhómhair, ar nós puimcíní a shnoí. Ceiliúrann páistí ar dhá thaobh an Atlantaigh Oíche Shamhna anois leis an meascán traidisiún seo a mbaintear an-súp go deo as.

Tá an-tábhacht leis an Nollaig, agus cuirfidh gnásanna agus nósanna na Nollag leis an taifead ar éabhlóid ár sochaí.

An Greann

Léiríonn an greann cultúr na sochaí a chumann é. Úsáidtear an greann agus an t-aoradh chun trácht ar imeachtaí polaitiúla agus spóirt, chomh maith le saol agus gníomhartha daoine atá i mbéal an phobail. Féadfaidh daoine labhairt go neamhbhalbh nuair a insítear jóc agus cuimsítear eolas agus tuiscint chultúrtha an-sonrach leis go minic.

Féadfar an greann a úsáid freisin chun dul i ngleic le himeachtaí diúltacha agus tragóideacha an tsaoil, agus baineann sé sin leis an gcultúr náisiúnta chomh maith leis an duine aonair. In Éirinn, úsáideadh greann aorach mar uirlis threascrach ó thús ré na bhfilí Gaeilge go dtí an Déan Jonathon Swift. Féadfaidh tráchteaireacht shóisialta a bheith chomh grinn céanna ina hanailís ar an tsochaí sa lá atá inniu ann.

Ach mar is dual dó, bíonn formhór an ghrinn sealadach, gearrshaolach. Taifeadann an obair pháirce a dhéanann Cnuasach Bhéaloideas Éireann inne an ghrinn inár sochaí sa lá atá inniu ann, greann a chaillfí murach an obair seo.

Chun síntiús a thabhairt dár mbrainse nua tiomsaithe airgid, Fondúireacht Bhéaloideas Éireann, breathnaigh ar an leathanach breise atá leis seo nó téigh go www.comhairlebeal.ie/FBE

Cnuasach
Bhéaloideas
Éireann

National
Folklore
Collection

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
The National Folklore Collection

www.ucd.ie/folklore/ga

Samuel Lover (1797–1868),
'The Kelp Gatherers', 1835,
olaphictiúr ar chanbhás, 83 x 116 cm

D'fhág deirfiúr Samuel Lover *The Kelp Gatherers* ó 1835 le huacht ag anamchara léi. D'oibrigh mac a carad le Coimisiún Béaloideasa Éireann níos déanaí agus bhronn seisean an pictiúr orthu. Tá tábhacht ar leith leis mar tháifead faisnéise ar chleachtas a d'fheictí ar fud na tuaithe in iarthar na hÉireann agus mar go bhfuil sé ar cheann de na chéad léirithe a rinneadh d'aon turas ar ghníomhaíocht thionsclaíoch tuaithe i dtírdhreach na hÉireann.



Fondúireacht Bhéaloideas Éireann
National Folklore Foundation
CHY21278

Go raibh míle maith agat

Is mór ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann do shíntiús fial a chuideoidh linn obair na cartlainne a chur chun cinn. Beidh muid ag tnúth le saibhreas an Chnuasaigh a roinnt leat.

Your generous donation will ensure the ongoing work of the National Folklore Collection. We look forward to sharing the riches of the Collection with you.

Le gach dea-ghuí

Cnuasach
Bhéaloideas
Éireann

National
Folklore
Collection

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
The National Folklore Collection

www.ucd.ie/folklore/ga